

# Comhairle Cathrach Chorcaí
# An Straitéis Ealaíon & Chultúir
# 2022 - 2026

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council
**Arts** Ealaíona

# Focal an Ardmhéara

Is cathair í Corcaigh a chuir a cultúir uathúil féin i lár an aonaigh i gcónaí agus tá Comhairle Cathrach Chorcaí meáite ar na healaíona agus an cultúr a bheith i measc chrainn taca ár seirbhíse poiblí.

Cuireann an chathair agus muintir na cathrach sraitheanna ár saoil chomhroinnte san áit seo in iúl trí na healaíona. Is féidir linn an áilleacht agus an suairceas a chur in iúl le scéalta, le hamhráin, le drámaíocht agus le híomhánna, ach is féidir linn an méala agus an duairceas is dual don saol a chur in iúl leo chomh maith. Ba mhór an sólás iad na healaíona agus an cultúr le linn chruatan na paindéime domhanda. Níor léir dúinn riamh a thábhachtaí atá na healaíona sa saol.

Agus cathair Chorcaí ag fás léi, tá an daonra agus ár gcultúr ag éabhlóid. Tá deis n-ealaíon agus an chultúir i ndáil le teacht ar chultúir dhifriúla, brí a bhaint astu agus iad a thuiscint ríthábhachtach do shochaí atá seasmhach agus uilechuimsitheach. Is féidir leis na healaíona agus leis an gcultúr nasc a dhéanamh idir sinn féin agus ár ndaonnacht agus cabhrú linn féachaint ar a chéile go húr agus go báúil. Is féidir leis na healaíona cabhrú linn chomh maith ár stair a thuiscint trí lionsa eile. Ó thús deireadh Dheich mBliana na gCuimhneachán, chuir na healaíona agus an cultúr ar ár gcumas ár stair a léirmhíniú ar bhealaí nua agus intuigthe.

Agus comhairliúchán nach beag ar siúl chun an Straitéise Ealaíon agus Cultúir seo a chur le chéile, ba léir agus b'fhollasach an teachtaireacht a fuarthas gur mór ag muintir Chorcaí scoth-thairiscintí na n-ealaíon agus an chultúir sa chathair agus gur mian leo go mbeadh rath orthu. Is chuige sin go díreach í Straitéis Ealaíon agus Chultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ba mhaith liom gach duine a bhí páirteach i gcur le chéile na straitéise a mholadh go hard agus táim ag tnúth lena cur i bhfeidhm sna cúig bliana atá romhainn amach.

**An tArd-Mhéara, an Clr Deirdre Forde**

# Brollach

Chugainn an Straitéis uaillmhianach nua seo do na hEalaíona agus don Chultúr i dtráth atá ríthábhachtach i bhforbairt na cathrach. Beidh an Plean Forbartha Cathrach go 2028 atá le teacht ar an gcéad cheann de thrí phlean forbartha as a chéile a dhéanfaidh maoirseacht ar fhorbairt Chorcaí ina cathair ar scála idirnáisiúnta, de réir spriocanna an Chreata Pleanála Náisiúnta, Éire 2040.

Tá na hEalaíona agus an Cultúr ríthábhachtach maidir le caighdeán an tsaoil agus folláine na sochaí agus cuireann siad go mór lenár ngeilleagar uirbeach. Cuireann an Straitéis seo na healaíona agus an cultúr go dlúth i gclár oibre forbartha na cathrach agus sonraítear na tosaíochtaí straitéiseacha ar féidir leo cumas na hearnála ealaíon agus cultúir a chothú agus a chur chun cinn sna cúig bliana atá romhainn amach, rud a bheidh ag teacht le fás pleanáilte na cathrach.

Tuigtear go forleathan go bhfuil earnáil na n-ealaíon agus an chultúir ar cheann de na hearnálacha is measa as mar gheall ar an bpaindéim. Agus sinn ag iarraidh cruatan an dá bhliain seo caite a chur dínn, díríonn an straitéis seo ár n-aird go diongbháilte ar chúinsí tacaíochta a chothú don ealaín agus d'ealaíontóirí inár gcathair, cuireann an straitéis eolas ar fáil dúinn faoin tslí a dhéanaimid ár spásanna agus ár n-áiteanna a ath-shainiú, agus cuirfidh an straitéis, i ndeireadh na dála, le saintréithiúlacht ár gcathrach, rud a rachaidh chun leasa do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn anseo agus a thugann cuairt orainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí agus le foireann Chomhairle Cathrach Chorcaí agus leis an bpobal a chabhraigh leis an straitéis seo agus leis an gcomhairliúchán leathan is bonn léi. Ní féidir na huaillmhianta atá anseo istigh a bhaint amach ach le comh-iarracht agus le comhoibriú agus táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe ar fud earnálacha an chultúir, an phobail, an oideachais agus an ghnó chun an uaillmhian sin a bhaint amach.

**Áine Ní Dhochartaigh**
An Príomhfheidhmeannach





# Réamhrá

Is cúis bhróid do Chomhairle Cathrach Chorcaí é an Straitéis Ealaíon agus Chultúir 2022 – 2026 a roinnt. Leagtar amach sa straitéis an fhís atá againn do na healaíona agus don chultúr sa chathair mar aon leis na nithe a ndíreoimid ár n-iarrachtaí orthu sna cúig bliana atá romhainn chun ár n-uaillmhianta coiteanna a bhaint amach.

Tar éis na ndeacrachtaí le dhá bhliain anuas, agus sinn ag maireachtaint agus ag obair trí ghéarchéim dhomhanda sláinte, agus in ainneoin na ndúshlán leanúnach, is díol dóchais agus diongbháilteachta í an straitéis nua seo. Is léiriú í ar mhuinín san am atá romhainn amach.

Rinneamar cinntí na healaíona agus an cultúr a chur chun cinn i gCorcaigh bunaithe ar chlár tréan taighde agus comhairliúcháin a ndéantar cur síos air sna haguisíní. D'éisteamar le riachtanais agus le huaillmhianta daoine ó ar fud ár bpobail i ndáil leis na healaíona agus leis an gcultúr i gCorcaigh agus thugamar toradh orthu. Rinneamar deimhin de chomh maith go ndéanfadh ár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha tosaíochtaí Phlean Forbartha na cathrach, atá ar na bacáin, a threisiú agus a chur chun cinn.

Dá réir sin, táimid ag tnúth le bheith ag obair le muintir Chorcaí agus ar a son agus comhfhís againn i ndáil le Corcaigh a bheith ina scothchathair dhomhanda, áit a mbíonn rath ar na healaíona agus ar an gcultúr ionas gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint astu, áit a bhfuil na healaíona agus an cultúr beo ar na sráideanna agus sna chomharsanacht, áit ar léiriú bríomhar iad orainn féin.

**Michelle Carew**
An tOifigeach Ealaíon
An 30 Meitheamh 2022



# Comhairle Cathrach Chorcaí An Straitéis Ealaíon & Chultúir 2022 - 2026

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council
**Arts** Ealaíona

*Íomhá: Cork Ignite, saothar ealaíne beo le Simon McKeon; Grianghraf: Clare Keogh*





# Clár


| | |
|---|---|
| Focal an Ardmhéara | 1 |
| Brollach | 2 |
| Réamhrá | 3 |
| Clár | 5 |
| Comhthéacs | 6 |
| Comhthéacs polasaí | 8 |
| Scóip agus réimse oibre | 10 |
| Eolas faoi Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí | 12 |
| Cuspóir, fhís agus misean | 14 |
| Tosaíochtaí straitéiseacha | 16 |
| Tosaíocht straitéiseach #1 - Ealaín do chách | 18 |
| Tosaíocht straitéiseach #2 - Spás don ealaín | 22 |
| Tosaíocht straitéiseach #3 - Ealaín san fhearann poiblí | 26 |
| Tosaíocht straitéiseach #4 - Cathair d'ealaíontóirí | 30 |
| Tosaíocht straitéiseach #5 - Acmhainn agus tionchar | 34 |
| A dhearadh agus a sheachadadh | 38 |
| Aguisín I - Próiseas forbartha na straitéise | 40 |
| Buíochas | 44 |

# Comhthéacs



*Íomhá: Cork Ignite, saothar ealaíne beo le Simon McKeon; Grianghraf: Clare Keogh*

## Cathair atá ag fás agus ag athrú

Is í Corcaigh an dara príomhchathair in Éirinn. Tugadh sráidbhailte uirbeacha agus na comharsanachtaí nua – Baile an Chollaigh, Baile Uí Mhothláin, An Bhlarna, An Curraichín, Domhnach Broc, Dúglas, Corrach Mhic Chonmhaigh, Gleann Maghair, An Ghráinseach, Paidhc na gCiarraíoch, Na Cillíní, Baile an Róistigh, An Tóchar, an Túr agus Crosaire an Fhaoitigh – isteach i limistéar riaracháin na cathrach in 2019. Chomh maith leis an méadú ceantair seo, tá daonra na cathrach le fás, sna blianta atá romhainn amach, faoi bhreis agus 120,000 duine go 335,000 duine faoi 2040 agus leanúint ar aghaidh ag dul in éagsúlacht: faoi láthair, ba lasmuigh d'Éirinn a rugadh duine as gach ochtar i gCathair Chorcaí.

## Cathair lena mbaineann uaillmhian agus mianach

Sonraíonn Éire 2040 – An Tionscadal agus an Creat Náisiúnta Pleanála mianach fáis Chathair Chorcaí agus tacaíonn siad leis, tionscadail ina leagtar amach spriocanna uaillmhianacha forbartha a chinnteoidh rath agus inmharthanacht na cathrach mar 'thimpeallacht inbhuanaithe uirbeach atá iomaíoch go hidirnáisiúnta'.

Tá forbairt na cathrach amach anseo á cur chun cinn de bhun na Straitéise Réigiúnaí Spáis agus Eacnamaíochta agus straitéisí áitiúla ar leith agus leagtar amach an uaillmhian don chathair ina hiomláine i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach Chorcaí, *Ár gCathair, ár gCinniúint 2022 – 2028* atá le foilsiú.



*Image Credit: Deirdre Breen. Grianghraf Jed Niezgoda*





## Scothchathair dhomhanda

I gcroílár an dréachtphlean forbartha tá fís straitéiseach do Chathair Chorcaí a bheith 'ina scothchathair dhomhanda, a chuireann dlús faoi fhás áitiúil agus réigiúnach, a ghlacann leis an éagsúlacht agus leis an uilechuimsitheacht agus a fhásann ina dlúthchathair sheasmhach, fholláin, aois-bháúil, inbhuanaithe atá bunaithe ar mhórtas áite, ar phobail agus ar chaighdeán saoil.' Dearbhaíonn ocht bprionsabal straitéiseacha an fhís sin, arb é is teideal do cheann díobh 'Cathair na foghlama agus an chultúir' agus é ina sprioc aici: 'Tógaint ar ainmniú Chorcaí ina Cathair Foghlama UNESCO agus ar oidhreacht shaibhir chultúir na cathrach agus an fhoghlaim, an cultúr, an oidhreacht agus na healaíona a chothú ar fud na cathrach'.



*Grianghraf: Clare Keogh*



*Grianghraf: Clare Keogh*

## Cathair na n-ealaíon agus an chultúir

Is lárionad ealaíontóirí agus na n-ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon í Cathair Chorcaí leis na cianta. Leanann an chathair uirthi ag spreagadh agus ag cothú ealaíontóirí agus eagraíochtaí cultúir áitiúla agus náisiúnta a mbaineann sármhaitheas agus uaillmhian leo.

Cothaíonn cláir spriocdhírithe ealaíon agus chultúir in OTM agus COC agus tionscnaimh agus deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla eile sa chathair na glúine nua ealaíontóirí agus lucht gairmiúil ealaíon. Cothaíonn a cuid institiúidí, eagraíochtaí agus féilte ealaíon agus cultúir éiceolaíocht bhríomhar ealaíon, rud a thacaíonn le healaíontóirí, a chruthaíonn eispéiris ealaíon den scoth a chuimsíonn pobal éagsúlach na cathrach agus cuairteoirí araon agus a chuireann le cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta na cathrach. Agus í ina Cathair Chultúir na hEorpa in 2005, bhí Corcaigh sa dara háit as measc 79 cathair maidir le rannpháirtíocht i gcultúr agus tarraingteacht cultúir i bhFaireoir Cathracha Cultúir agus Cruthaitheacha an Choimisiúin Eorpaigh 2019. Mar a dhearbhaíonn Dréachtphlean Forbartha Chathair Chorcaí, is cuid iomlán, intuigthe agus riachtanach de Chathair Chorcaí anois iad na healaíona agus an cultúr agus tá siad ríthábhachtach dá todhchaí.

# Comhthéacs polasaí

Tá Straitéis Ealaíon agus Chultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí suite laistigh de roinnt creatAí agus pleananna polasaí áitiúil agus náisiúnta mar seo a leanas, agus freagraíonn sí dóibh.

**Éire 2040 – An Tionscadal**, a foilsíodh in 2018, arb é atá ann Creat Pleanála Náisiúnta €116 billiún atá dírithe ar fhorbairt na hÉireann a threorú sa scór bliain atá romhainn amach. Sonraítear ann 'Cultúr, Oidhreacht agus Spórt' ar cheann de dheich dTosaíocht Infheistíochta Straitéisí, go háirithe maidir le feabhas a chur ar chaighdeán saoil agus cur le mórtas áite.

**An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta (RSES)** do Réigiún Dheisceart na hÉireann a leagann amach an creat forbartha straitéisí réigiúnaí chun Éire 2040 – An Tionscadal a chur i ngníomh ar leibhéal réigiúnach an rialtais. Tacaíonn sé le forbairt réigiúnach chothromaithe a bhaint amach ar fud na naoi gcontae agus na trí chathair atá i Réigiún an Deiscirt.

**Plean Forbartha Chomhairle Cathrach Chorcaí (2022 – 2028)** ar dréacht faoi láthair é, a leagann amach mar a fhásfaidh agus mar a fhorbrófar Cathair Chorcaí sna sé bliana amach romhainn agus í ina cathair nuálaíoch, bhríomhar agus fholláin a bheidh ag teacht le RSES, le beartas Náisiúnta agus le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA.

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Chorcaí (LECP)** arb é atá ann plean comhtháite a threoróidh forbairt Chathair Chorcaí ó thaobh geilleagair, pobail, cultúir, spóirt agus áineasa de. Tá plean reatha 2022 – 2027 ar na bacáin.

Freastalaímid ar gach straitéis eile de chuid na Comhairle, mar is cuí, go leanúnach, ag féachaint go háirithe do **Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026)** agus do **Phlean Leabharlanna Chomhairle Cathrach Chorcaí (2020-2024)** agus do **Phlean Chathair Chorcaí um Ghníomhú ar son na hAeráide** atá ar na bacáin.

Tuigimid, chomh maith, comhthéacs Eorpach ár gcuid oibre. Leanaimid orainn dá ndéanaimid a fhaire agus a leagan amach i gcomhréir le cláir forbartha sheanbhunaithe amhail **Eoraip Ildána**, de thionscnaimh nua a athrú, amhail an **Margadh Glas Eorpach** arb é is aidhm leis an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus le tionscnaimh dá leithéidí **Bauhaus Eorpach Nua** arb é is aidhm leis saoránaigh, saineolaithe, gnólachtaí agus institiúidí a thabhairt le chéile chun maireachtaint inbhuanaithe san Eoraip agus níos faide i gcéin a athshamhlú.





Maidir leis na healaíona agus leis an gcultúr go sonrach, tá an straitéis seo ag teacht leis na straitéisí agus na beartais náisiúnta seo a leanas agus féachtar lena gcur chun cinn.

Is é **Cultúr 2025** creatpholasaí an Rialtais don chultúr. Is é is aidhm leis 'saol gach duine a shaibhriú de bhun rannpháirtíochta i saol cultúir an náisiúin', agus 'deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe na saoránach.'

**Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2016-2025)**, straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon, a leagann amach tosaíochtaí a dhíríonn ar an ealaíontóir, ar rannpháirtíocht an phobail, ar infheistíocht, ar phleanáil spásúlachta agus dhéimeagrafach agus ar fhorbairt acmhainne.

**Beartas Comhionannais, Cearta Daonna agus Éagsúlachta** na Comhairle Ealaíon a fhéachann le 'meas a léiriú do gach guth agus cultúr in Éirinn na linne seo de bhun gach cuid den tsochaí, ó phobail reatha agus nua, agus de bhun gach cúlra sóisialta, eitneacht agus traidisiún, tacú leo agus iad chur san áireamh.'

**Luach Saothair don Ealaíontóir,** polasaí de chuig na Comhairle Ealaíon a chothaíonn 'luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d'ealaíontóirí'.

**Beartas Áite, Spáis agus Daoine** na Comhairle Ealaíon, creat nua um chothromas sochspásúil sna healaíona a chothaíonn fís i ndáil le 'thír ina bhfuil an deis ag gach duine na healaíona agus an cultúr a chruthú, dul i ngleic leo, páirt a ghlacadh iontu agus taitneamh a bhaint astu, beag beann ar cé hiad féin nó cá bhfuil cónaí orthu'.

**Éire Ildána**, an clár cruthaitheachta agus folláine uile-Rialtais a bheidh ar siúl anois go dtí 2027. Sa tréimhse leathnaithe seo den chlár eagróidh sé a chuid oibre um chúig cholún: Óige Ildánach, Pobail Chruthaitheacha, Sláinte agus Folláine Chruthaitheach, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Chruthaitheach, Tionscail Chruthaitheacha. Forbróidh agus foilseoidh gach údarás áitiúil straitéis áitiúil Éire Ildána don tréimhse 2023 – 2027.

# Scóip agus réimse oibre

Tá an Oifig Ealaíon ina rannóg Ealaíon agus Imeachtaí laistigh den Stiúrthóireacht Pobail, Cultúir agus Cothú Áite. Is é an príomhphointe comhordúcháin do shainchúram forbartha ealaíon na Comhairle Cathrach é mar a fhoráiltear dó faoin Acht Ealaíon 2003[1], mar a leanas:

> *6(1) A local authority shall, for the purposes of section 67 of the Act of 2001 prepare and implement plans for the development of the arts within its functional area and shall, in so doing, take account of policies of the government in relation to the arts.*

Comhlíonann an straitéis Ealaíon agus Cultúir an dualgas sin maidir leis na healaíona laistigh de Chathair Chorcaí. Dírítear aird sa straitéis seo ar na healaíona agus cuimsítear an cultúr mar a shainmhínítear é i ndáil leis na healaíona.

Ciallaíonn na healaíona, mar a shainmhínítear san Acht Ealaíon 2003 iad *'any creative or interpretive expression (whether traditional or contemporary) in whatever form, and including, in particular, visual arts, theatre, literature, music, dance, opera, film, circus and architecture and including any medium when used for those purposes'.*

Tuigimid gur tháinig athrú ar chineálacha ealaíne agus nach léir an teorainn idir cineálacha ealaíne anois i gcomparáid leis an uair a rinneadh an sainmhíniú sin. Aithnímid na healaíona agus an cultúr agus táimid ag súil le tacú leo agus iad i mbun forbartha go hionraic agus go seiftiúil sna blianta atá romhainn amach.

[1] Níl leagan oifigiúil Gaeilge an Achta seo le fáil fós.






*Grianghraf: Darragh Kane*

# Eolas faoi Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí

Is é ról Oifig Ealaíon Chathair Chorcaí uaillmhianta ealaíne agus cultúir Chathair Chorcaí agus a muintire a chumasú agus a chothú. Cuirimid comhairle agus tacaíocht ar fáil don Chomhairle maidir le cúrsaí ealaíon agus cultúir agus cinntímid forbairt na n-ealaíon agus an chultúir i gCathair Chorcaí. Déanaimid é sin de bhun:

## Infheistíocht

Déanaimid infheistíocht airgeadais, infrastruchtúir agus forbartha.

Déanaimid maoiniú a riaradh agus a leithdháileadh ina Dheontais Ealaíon; leithdháiltí Ealaíon agus Cultúir na gCoimisinéirí Ioncaim; Sparánachtaí d'Ealaíontóirí; Dámhachtainí Tionscadail agus an Scéim Ealaíon i gComhthéacs.

Bainimid an úsáid is fearr is féidir as acmhainní agus as foirgnimh oidhreachta chun críocha na n-ealaíon agus an chultúir. I measc na bhfoirgneamh ealaíon agus cultúir atá ag Comhairle Cathrach Chorcaí faoi láthair tá Teach an Iontaobhais Chathartha, Teach Jack Lynch, Ionad Litríochta an Deiscirt, National Sculpture Factory, Ionad Naomh Lúcás, Ionad Naomh Peadar, Músaem an Ime, The Guesthouse, The Lido (áit a bhfuil Cork Community Artlink), Triskel Christchurch, Coimpléasc Ché Wandesford (áit a bhfuil The Lavit Gallery, Backwater Studios, Cork Printmakers). Feabhsóidh oibreacha caipitil a rinneadh ar Dhún Eilíse le déanaí a úsáid mar ionad ealaíon agus cultúir faoin aer amach anseo.

Forbraímid agus cothaímid forbairt ghairmiúil spriocdhírithe d'ealaíontóirí agus d'oibrithe ealaíon. Chomh maith le deiseanna foghlama a thairiscint, forbraímid agus cothaímid cláir chónaitheacha lena n-áirítear scéimeanna Ealaíontóra Cónaithe Damhsa agus Ealaíontóra Cónaithe Amharclainne i gcomhpháirtíocht leis an Firkin Crane agus The Everyman faoi seach; agus Platform 31, clár forbartha d'ealaíontóirí lár-ghairme. Táimid ag tnúth le cur leis na tacaíochtaí seo thar shaolré an phlean seo.



Eolas faoi Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí

## Abhcóideacht

Cinntímid go mbíonn na healaíona agus an cultúr i gcroílár shaol na cathrach i gcónaí agus cuirimid comhairle ar fáil faoin tslí a ndéantar na healaíona a mheas agus a neadú, de réir mar is cuí, i bpleananna straitéiseacha, ina measc Plean Forbartha na Cathrach, am Plean Corparáideach, Pleananna Forbartha Ceantair Áitiúil, Straitéis Áitiúil Éire Ildána srl.

De bhun taighde agus taispeána, cuirimid le tuiscint agus meas ar na healaíona i measc ár ngeallsealbhóirí.

Déanaimid an cás, le sárfhianaise, ar son na n-ealaíon agus an chultúir agus a ról maidir leis an bhfís do thodhchaí Chathair Chorcaí a bhaint amach i gcomhthéacs na spriocanna a leagtar síos le Éire 2040. Déanaimid iarracht, go háirithe, acmhainn na n-ealaíon a chur chun cinn i ndail le folláine, forbairt pobail agus cáil chultúir a fheabhsú.

Déanaimid cumarsáid faoi na healaíona leis an bpobal agus tacaímid le hearnáil na n-ealaíon agus an chultúir sna saincheisteanna atá tábhachtach dóibh.

## Nasc

Sonraítear an chomhpháirtíocht a bheith ríthábhachtach chun ár straitéis a chumasú. Cuirtear le dlús agus le réimse na hOifige Ealaíon le sraith comhghuaillíochtaí le heagraíochta ealaíon agus cultúir, le hinstitiúidí oideachais, le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí tríú páirtí (e.g. Údaráis Áitiúla eile, HSE, ETB) a théann i ngleic le bearnaí i bhforbairt agus i soláthar na n-ealaíon. I measc tograí comhpháirtíochta tá: Arts for All; Arts in Schools; clár luathbhlianta Beag; Kinship (Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide); Music Generation agus cláir Ealaíontóra Cónaithe Chathair Chorcaí.

Sonraímid agus cothaímid na caidrimh agus na naisc a chruthaíonn nó a fheabhsaíonn deiseanna do na healaíona agus don chultúr sa chathair agus d'ealaíontóirí go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Déanfaimid iarracht ár naisc reatha a neartú agus comhair nua a chur chun cinn maidir le seachadadh na straitéise seo.

## Beochan

Tacaímid le hearnáil na n-ealaíon agus an chultúir chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chruthú a thugann beocht dár gcathair agus dá spásanna poiblí. Cinntíonn tairiscint chultúir reatha Chorcaí féilire bríomhar, éagsúil gníomhaíochta i rith na bliana.

Ina theannta sin, tá feidhm Imeachtaí ag an Oifig Ealaíon a sheachadann imeachtaí agus féilte uaillmhianacha cultúir ar mhórscála sa chathair, a mbaineann cách sult astu. Ina measc tá Féile Lá 'le Pádraig Chorcaí; Glow - Ceiliúradh na Nollag; Oíche Chultúir agus Cruinniú na nÓg.

Tacaímid freisin le coimisiúnú agus cothabháil na hEalaíne Poiblí ar fud na cathrach. Táimid ag tnúth lenár bhfócas agus ár n-iarrachtaí sa réimse seo a mhéadú mar thosaíocht straitéiseach thar shaolré an phlean seo.



# Cuspóir, fhís agus misean

*Grianghraf: Clare Keogh*





## An cuspóir atá againn

*(an fáth arb ann dúinn agus an cion faoi leith a dhéanaimid do dhaoine eile)*

Na healaíona agus an cultúr a chur i gceartlár cathrach atá bríomhar, cóir agus forásach

## An misean atá againn

*(na nithe a dhéanaimid chun a bheith dílis dár gcuspóir agus chun ár bhfís a bhaint amach)*

Cumasaímid agus cothaímid uaillmhianta ealaíne agus cultúir Chathair Chorcaí agus a muintire de bhun infheistíochta, abhcóideachta, nascthachta agus beochana.

## An fhís atá againn

*(an idéal atáimid ag iarraidh a bhaint amach)*

Cathair Chorcaí a bheith ina scothchathair dhomhanda, a chuireann dlús faoi fhás áitiúil agus réigiúnach, a ghlacann leis an éagsúlacht agus leis an uilechuimsitheacht agus a fhásanna ina dlúthchathair sheasmhach, fholláin, aois-bháúil, inbhuanaithe atá bunaithe ar mhórtas áite, ar phobail agus ar chaighdeán saoil.

Táimid ag tnúth le Corcaigh a bheith ina scothchathair dhomhanda, áit a mbíonn rath ar na healaíona agus ar an gcultúr ionas gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint astu, áit a bhfuil na healaíona agus an cultúr beo ar na sráideanna agus sna chomharsanacht, áit ar léiriú bríomhar iad orainn féin.

## Na luachanna atá againn

*(na nithe dá seasaimid)*

**An Mhaith Choiteann -** Cuirimid seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus tugaimid aghaidh ar riachtanais daoine ar bhealach atá uilechuimsitheach agus cothrom araon.

**Iontaobh agus ionracas -** Déanaimid ár gcuid oibre go léir go macánta, go hoscailte agus go cothrom.

**Meas -** Caithimid go cothrom le gach duine agus aird chuí á tabhairt ar a riachtanais agus ar a gcearta.

**Cur Chuige Daoine-Lárnach -** Bímid ag plé le daoine ar bhealach atá cóir, cúirtéiseach agus tráthúil. Bímid sa tóir ar an bhfeabhsú i gcónaí.

**Freagracht -** Táimid cuntasach agus trédhearcach agus déanaimid ár gcuid oibre agus cinntí go freagrach.

**Nuálaíocht -** Bímid sa tóir i gcónaí ar chuir chuige atá forásach agus cruthaitheach i leith na seirbhísí a sholáthraímid.




# Tosaíochtaí straitéiseacha

Sonraíomar cúig réimse tosaíochta straitéisí a léiríonn raon uaillmhianta do na healaíona agus don chultúr i gCorcaigh. Ní ann do na tosaíochtaí sin astu féin, ach treisíonn siad agus chomhlánaíonn siad a chéile chun ár spriocanna fadtéarmacha a chur chun cinn.

*Grianghraf: Egle Laukyte*





Chomh maith lenár dtosaíochtaí straitéiseacha beidh an dá théama - ionadaíocht agus inbhuanaitheacht comhshaoil - fite fuaite inár gcuid oibre go léir, rud a chothóidh na gníomhartha a dhéanfaimid chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Táimid tar éis trí cinn de chleachtais chumasúcháin a shonrú chomh maith: comhpháirtíocht, cumarsáid agus rannpháirtíocht, agus foghlaim a chuideoidh linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

### #1 Ealaín do chách

**Sprioc:** Níos mó daoine a spreagadh agus a chumasú ar fud ár bpobail go léir chun teacht a bheith acu ar ealaín agus taitneamh a bhaint aisti

### #2 Spás don ealaín

**Sprioc:** Áiteanna agus spásanna don ealaín sa chathair a bheith optamaithe agus leathnaithe againn

### #3 Ealaín san fhearann poiblí

**Sprioc:** Lár na cathrach agus ár gcomharsanachtaí a bheith beoite le healaín a léiríonn agus a cheiliúrann cé sinn féin

### #4 Cathair d'ealaíontóirí

**Sprioc:** An cultúr agus na coinníollacha a fhágann gur Cathair d'Ealaíontóirí í Corcaigh curtha chun cinn againn

### #5 Acmhainn agus tionchar

**Sprioc:** An t-eolas, na scileanna agus an acmhainn a bheith ag an gComhairle Cathrach agus ag earnáil na n-ealaíon lenár n-uaillmhianta comhroinnte do na healaíona agus don chultúr i gCorcaigh a bhaint amach.

## Téamaí Nascthacha

Ionadaíocht, Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

## Cumasóirí

Comhpáirtíocht, Cumardáis agus Rannpháirteachas, Foghlaim




Grianghraf: Clare Keogh

## Tosaíocht straitéiseach

# #1

# Ealaín do chách

# #1 Ealaín do chách

## Sprioc

## Níos mó daoine a spreagadh agus a chumasú ar fud ár bpobail go léir chun teacht a bheith acu ar ealaín agus taitneamh a bhaint aisti

> *Tá an ceart ag gach duine páirt a ghlacadh i saol cultúir an phobail, chun taitneamh a bhaint as na healaíona agus páirt a ghlacadh sa dul chun cinn eolaíoch agus sna tairbhí a bhaineann leis.*
>
> ***Airteagal 27 den Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine***

### An chúis leis an sprioc seo?

Is ceart daonna é a bheith in ann chun páirt a ghlacadh i saol cultúir do phobail agus taitneamh a bhaint as na healaíona. Aithníonn Ealaín do Chách é seo. Sonraímid anseo é ina thosaíocht straitéiseach, ina fhócas dár gcuid oibre. Is prionsabal é an ealaín do chách chomh maith a threoraíonn gach rud a dhéanaimid.

Chuige sin is cúis bhróid dúinn é Cairt 'Arts for All'* Chorcaí a shíniú agus táimid ag tnúth le fís na Cairte a chur chun cinn, is é sin 'cathair atá oscailte, inrochtana agus uilechuimsitheach d'aon ghnó i dtaobh na n-ealaíon agus a cheiliúrann an éagsúlacht mar chroílár na cruthaitheachta' sna blianta atá romhainn amach.

Oibreoimid lena chinntiú go léireoidh na daoine a bhíonn i mbun na n-ealaíon i gCorcaigh, a fhreastalaíonn orthu, a tháirgeann agus a rialaíonn iad sinne na linne seo, agus go dtugann an ealaín a dhéantar agus a chuirtear i láthair i gCorcaigh deis do gach guth, cultúr agus eispéireas. Déanfaimid amhlaidh agus cúram á dhéanamh againn tacú le gníomhaíocht agus rannpháirtíocht na n-ealaíon agus an chultúir ar fud ba cathrach leathnaithe.





| | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| 1 | Deiseanna éagsúla a chinntiú chun a bheith rannpháirteach sna healaíona agus sa chultúr a chuimsíonn cineálacha ealaíne traidisiúnta agus nua, a thugann tosaíocht do chaighdeán an eispéiris agus an léiriúcháin agus a mbaineann tarraingt leathan agus shainiúil leo. | Tá meascán ilghnéitheach imeachtaí agus eispéireas ealaíon agus cultúir ag spreagadh rannpháirtíocht mhór an phobail. |
| 2 | Comhpháirtíocht le páirtithe leasmhara na cathrach lena n-áirítear seirbhísí ealaíon agus cultúir, oideachais, sláinte agus pobail chun fáil réidh le bacainní le rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr. | Éagsúlacht níos leithne daoine i gcomhthéacsanna difriúla ag baint eispéiris as an ealaín ina saol. |
| 3 | Tionscnaimh a chothú agus a fhorbairt a dhíríonn ar ghrúpaí sonraithe lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, daoine atá faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus pobail faoi thearc-ionadaíocht. | Comhghrúpaí inár gcathair i mbun eispéiris ealaíon agus chultúir dá gcuid féin agus dóibh. |
| 4 | Éagsúlacht bhreise a chothú i measc lucht saothair ealaíon agus cultúir Chathair Chorcaí, lena n-áirítear ealaíontóirí agus lucht gairme eile ealaíon. | Léiríonn na daoine a dhéanann, a tháirgeann agus a rialaíonn na healaíona agus an cultúr i gCorcaigh déimeagrafach na cathrach. |
| 5 | Freastal ar acmhainn chultúir agus ar riachtanais athraitheacha na cathrach, agus go háirithe ar chomharsanachtaí, bailte agus pobail nua Chorcaí. | Tá straitéis spáis ag treorú ár bhfócais agus ár n-infheistíochta ar fud chomharsanachtaí uirbeacha, fo-uirbeacha agus tuaithe Chathair Chorcaí. |

** Is comhghuaillíocht atá lonnaithe i gCorcaigh é 'Arts for All' de dhaoine aonair, deghrúpaí agus d'eagraíochtaí atá meáite ar uilechuimsitheacht, ar éagsúlacht agus archomhionannas sna healaíona.*




*Grianghraf: Egle Laukyte*

## Tosaíocht straitéiseach

# #2

# Spás don ealaín

# #2 Spás don ealaín

## Sprioc

## Áiteanna agus spásanna don ealaín sa chathair a bheith optamaithe agus leathnaithe againn

### An chúis leis an sprioc seo?

Tá Cathair Chorcaí ag fás agus ag athrú. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go ndéantar na healaíona fisiciúla agus an bonneagar cultúir a chothú agus a leathnú chun freastal ar riachtanais na cathrach atá ag athrú agus chun a huaillmhianta ealaíon agus cultúir a sheachadadh.

Éilíonn an sprioc seo réitigh nuálacha ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha agus comhiarrachtaí na bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear an Chomhairle, earnáil na n-ealaíon agus an chultúir, forbróirí príobháideacha, gníomhaireachtaí rialtais agus reachtúla.

Sna cúig bliana amach romhainn, in éineacht leis na mórfhorbairtí caipitil atá beartaithe don Lárionad Imeachtaí agus d'Áiléar Crawford, déanfaimid deiseanna a fhiosrú agus a chothú d'fhonn cur le spás don ealaín ar bhealach inbhuanaithe ar fud na cathrach. Bainfimid leas, go háirithe, as an deis aitheanta do na healaíona agus don chultúr a bhaineann le hathghiniúint lár na cathrach.





| | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| 1 | Cuspóirí ábhartha i bPlean Forbartha na Cathrach a chur chun cinn, go háirithe cuspóirí faoi Cuspóirí Straitéiseacha 2, 6, 7 agus 9, chun na healaíona agus an cultúr a neadú i bpróisis phleanála agus forbartha na Comhairle Cathrach. | Gealltanais i bPlean Forbartha na Cathrach atá sainiúil agus ábhartha do bhonneagar ealaíon agus cultúir á gcur i gcrích. |
| 2 | Bonneagar cultúir reatha na Comhairle a chosaint agus a fheabhsú agus féachaint lena thionchar ar na healaíona agus ar an gcultúr a uasmhéadú. | Déantar bonneagar ealaíon agus cultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí mar acmhainn inbhuanaithe, éifeachtach a chosaint amach anseo. |
| 3 | An teacht a bhíonn ar spásanna buana, sealadacha agus eatramhacha a mhéadú de bhun comhoibriú le páirtithe leasmhara na cathrach agus mar fhreagra ar riachtanais spáis na n-ealaíon agus an chultúir agus iad ag athrú. | Teacht níos mó a bheith ar raidhse spásanna a fhreastalóidh ar riachtanais shonraithe. |
| 4 | Obair a dhéanamh chun spás cruthaithe ealaíon a fhorbairt i lár na cathrach. | Faomhadh pleananna forbartha do shaoráid chruthaithe ealaíon i gCathair Chorcaí. |
| 5 | Meicníochtaí agus dreasachtaí seachadta a iniúchadh agus a chur chun cinn chun áiseanna ealaíon agus cultúir a chur san áireamh i bpleananna athfhorbartha agus athghiniúna. | Áiseanna ealaíon agus cultúir a bheith á gcur san áireamh ag céim luath an deartha i dtionscadail athfhorbartha agus athghiniúna. |



Íomhá: Cork Ignite, saothar ealaíne beo le Simon McKeon; Grianghraf: Clare Keogh

## Tosaíocht straitéiseach

# #3

# Ealaín san fhearann poiblí

# #3 Ealaín san fhearann poiblí

## Sprioc

## Lár na cathrach agus ár gcomharsanachtaí a bheith beoite le healaín a léiríonn agus a cheiliúrann cé sinn féin

> ***Sainmhíniú ar Ealaín Phoiblí***
>
> *Is féidir le healaín phoiblí a bheith ina cineál ar bith, pé acu aonchineálach nó ilchineálach, cuir i gcás amharcealaín, rince, scannán, litríocht, ceol, ceoldrámaíocht, amharclannaíocht agus ailtireacht; lena n-áirítear gach gné de chleachtas comhaimseartha na n-ealaíon amhail taibhiú, ealaín bheo, ilmheán, ealaín físe, ealaín fuaime, etc. Féadfaidh saothair faoin scéim a bheith ar siúl ar feadh tréimhse ar bith, pé acu sealadach nó buan, agus is féidir iad a dhíriú ar chúinsí uirbeacha nó tuaithe.*
>
> ***Aistriú ar shlioch as an Public Art Per Cent For Art Scheme 2004. Treoirlínte Ginearálta Náisiúnta, An Roinn Comhshaoil***

### An chúis leis an sprioc seo?

Is í an uaillmhian atá againn an ealaín a bheith infheicthe agus ar fáil do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn i gCorcaigh nó a thugann cuairt uirthi. Ba mhaith linn mórtas agus sceitimíní a chruthú faoinár gcathair agus cur lena beocht.

Díreoimid ar thrí réimse oibre: ealaín phoiblí; féilte faoin aer, ealaíona sráide agus imeachtaí; agus cothú cruthaitheach áite inár bpobail. Tógfaimid ar thraidisiún láidir na n-ealaíon faoin aer i gCathair Chorcaí agus cothóimid eispéiris ealaíon den scoth san fhearann poiblí, ar fud gach cineáil agus cleachtais ealaíne, agus cinnteoimid cuir chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Táimid ag tnúth le cuidiú le spásanna poiblí Chorcaí a dhéanamh sábháilte, tarraingteach agus uilechuimsitheach, chun go mbainfidh gach duine taitneamh astu.





| | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| 1 | Straitéis ealaíne poiblí a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm a thugann ár gcur chuige maidir le coimisiúnú ealaíne poiblí le chéile agus a chuireann cleachtas uaillmhianach agus nuálaíoch chun cinn, cleachtas atá faoi stiúir ealaíontóirí agus a bhfuil an pobal rannpháirteach ann. | Athraíodh ó bhonn an dearcadh i leith na healaíne poiblí mar gheall ar chaighdeán, ar nuálaíocht agus ar raon na dtionscadal a coimisiúnaíodh i gCathair Chorcaí. |
| 2 | An leas is fearr is féidir a bhaint as an scéim *Per Cent for Art* a i bhfianaise an chathair a bheith i mbéal forbartha. | Coimisiúnú ealaíne poiblí san áireamh i ngach tionscadal forbartha caipitil de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí. |
| 3 | Tacaíocht a chur ar fáil gus áisitheoireacht a dhéanamh do chumas na hearnála ealaíon agus cultúir eispéiris uaillmhianacha ealaíon ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir na cathrach agus do chuairteoirí i bhfearann poiblí na cathrach. | Earnáil ealaíon agus chultúir Chorcaí a bheith ag táirgeadh gníomhaíochtaí ealaíon a bhfuil tionchar agus samhlaíocht ag baint leo i spásanna poiblí a chothaíonn mórtas agus muintearas chomh maith le tarraingteacht shainiúil na cathrach. |
| 4 | Deiseanna do chláir ealaíon agus chultúir a leathnú agus a éagsúlú laistigh d'imeachtaí suntasacha atá an chathair a stiúradh. | Feabhsaítear eispéireas an phobail i gcás imeachtaí sainiúla Chathair Chorcaí, agus déantar infheistíocht ar mhaithe leis an gcathair agus lena pobail ealaíon agus cultúir. |
| 5 | Deiseanna cearta inbhuanaithe a chothú le haghaidh rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr i gcomharsanachtaí, i mbailte agus i bpobail ar fud na cathrach. | Níos mó pobal i gceannas ar ghníomhaíochtaí cuimsitheacha ealaíon ina gceantar. |




*Grianghraf: Clare Keogh*

Tosaíocht straitéiseach

# #4

# Cathair d'ealaíontóirí

# #4 Cathair d'ealaíontóirí

## Sprioc

## An cultúr agus na coinníollacha a fhágann gur Cathair d'Ealaíontóirí í Corcaigh curtha chun cinn againn

### An chúis leis an sprioc seo?

Sa bhliain 2005 bhí Corcaigh ina Chathair Chultúir na hEorpa. Chothaigh an t-ainmniúchán sin mórtas agus meas dár gcathair, rud a thug aitheantas dár n-oidhreacht shaibhir ealaíon agus chultúir agus dár gcleachtais fhorásacha, chomhaimseartha.

Bhaineamar sult as Corcaigh 2005 agus chuireamar lena oidhreacht sin ó shin, agus ba mhaith linn leanúint ar aghaidh ag déanamh ceiliúradh ar Chorcaigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar chathair ealaíne agus chultúir. Ba mhaith linn, go háirithe, gur chathair í Corcaigh inar féidir le healaíontóirí maireachtaint agus saothrú; ina bunáit ónar féidir leo slí bheatha a chothú, le tacaíocht ó éiceolaíocht chothaitheach ealaíon agus chultúir.

Sna cúig bliana atá romhainn, glacfaimid céimeanna tábhachtacha chun an cultúr agus na cúinsí a bhaint amach a dhaingneoidh Cathair Chorcaí mar bhaile tarraingteach agus féideartha d'ealaíontóirí agus do lucht gairme na n-ealaíon.

Chothóimid buanna Chathair Chorcaí mar chathair oscailte chomhdhlúite chruthaitheach, a hainmniú mar Chathair Foghlama UNESCO, agus a bonneagar ardfhorbartha oiliúna ealaíon chun an sprioc sin a bhaint amach.





| | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| 1 | A chinntiú go dtacaíonn ár straitéis infheistíochta mar is cuí le healaíontóirí agus leo siúd a chuireann cleachtas ealaíon chun cinn sa chathair. | Tacaítear le healaíontóirí chun saothair a dhéanamh atá ar ardchaighdeán, mór, uaillmhianach agus tábhachtach. |
| 2 | Deiseanna agus conairí forbartha gairme a chruthú agus a leathnú a dhéanann áisitheoireacht d'ealaíontóirí agus do lucht gairme ealaíon chun a gcleachtas agus a n-uaillmhianta gairme a chur chun cinn, rud atá ag teacht le tionscnaimh earnála. | Tá an t-eolas, na scileanna agus na caidrimh ghairme a bheith ag ealaíontóirí agus ag lucht gairmiúil ealaíon a mhéadaíonn a gcumas chun gairmeacha beatha inbhuanaithe a chruthú. |
| 3 | Comhpháirtíocht leis an earnáil oideachais tríú leibhéal chun acmhainní a uasmhéadú, líonraí a mhéadú agus tacú le fás agus deiseanna cultúir sa chathair. | Tá nasc le hinstitiúidí tríú leibhéal na cathrach ag cur go follasach le héiceolaíocht ealaíon agus chultúir na cathrach agus ag tacú le saolré slite beatha ealaíontóirí. |
| 4 | A chinntiú go ndéantar riachtanais ealaíontóirí agus lucht gairmiúil ealaíon a mheas i scéimeanna úsáide measctha bonneagair phobail, tithíochta agus spás oibre cruthaithí. | Úsáidí ealaíon agus cultúir ina gcuid de dhearadh forbairtí nua cathrach. |
| 5 | Ról na dtionscal cultúir agus cruthaitheach a thuiscint maidir le cur le Corcaigh mar chathair d'ealaíontóirí. | Tá creat againn chun acmhainn thionscail chruthaitheacha Chorcaí a chur chun cinn d'fhonn deiseanna léiriúcháin agus fostaíochta ealaíon agus cultúir a leathnú agus a éagsúlú. |



Íomhá: Darragh Wilkins.
Grianghraf: Clare Keogh

## Tosaíocht straitéiseach

# #5

# Acmhainn agus tionchar

# #5 Acmhainn agus tionchar

## Sprioc

**An t-eolas, na scileanna agus an acmhainn a bheith ag an gComhairle Cathrach agus ag earnáil na n-ealaíon lenár n-uaillmhianta comhroinnte do na healaíona agus don chultúr i gCorcaigh a bhaint amach.**

### An chúis leis an sprioc seo?

Tá cur i gcrích ár dtosaíochtaí straitéiseacha ag brath ar dhíograis agus ar acmhainn na hOifige Ealaíon, earnála na n-ealaíon agus an chultúir agus na Comhairle féin.

Thar thréimhse na straitéise seo déanfaimid infheistíocht i ndaoine, in eolas agus i dtacaíocht chun ár n-uaillmhianta comhroinnte a spreagadh agus a chumasú do na healaíona agus don chultúr i gCathair Chorcaí. Táimid ag tnúth le haird ar na healaíona agus ar an gcultúr i gCorcaigh a fheabhsú agus le tuiscint atá bunaithe ar fhianaise a chothú faoina luach i saol na ndaoine agus sa chathair.

Chuige sin, i bhfianaise an tionchair ainnis a bhí ag an ngéarchéim dhomhanda shláinte ar earnáil na n-ealaíon agus an chultúir, i mblianta tosaigh na straitéise seo go háirithe, tacóimid leis an earnáil i ndáil le téarnamh agus le hathnuachan.

Tá inbhuanaitheacht na n-ealaíon agus an chultúir ríthábhachtach do shaol agus do bheocht na cathrach.





| | Cuspóirí | Torthaí |
|---|---|---|
| 1 | Straitéis infheistíochta a fhorbairt a chinnteoidh go n-infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun tosaíochtaí ealaío nagus cultúir na Comhairle a bhaint amach. | Tá tionchair infheistíocht na Cathrach sna healaíona agus sa chultúr follasach, luachmhar agus taifeadta. |
| 2 | A chinntiú go bhfuil saineolas, cumas agus acmhainní na hOifige Ealaíon ag teacht le huaillmhian na straitéise seo. | Tá an fhoireann agus an bonn eolais agus scileanna ag cinntiú go gcuirfear an straitéis i gcrích go héifeachtach. |
| 3 | Inbhuanaitheacht earnáil na n-ealaíon agus an chultúir a chur chun cinn trí thacaíochtaí agus trí thionscnaimh chun cumas rialachais agus ceannaireachta a neartú. | Tá earnáil na n-ealaíon agus an chultúir i gCathair Chorcaí láidir, seasmhach agus in acmhainn a todhchaí a chinntiú. |
| 4 | Na healaíona agus cultúr i gCathair Chorcaí a chothú agus tacú le forbairt lucht féachana trí chumarsáid ghníomhach, ábhartha agus rannpháirtíocht phoiblí. | Tá níos mó daoine ar an eolas faoi raon iomlán na ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir sa chathair, baineann siad eispéireas astu agus tá meas acu orthu. |
| 5 | Taighde a dhéanamh chun tionchair agus luach na n-ealaíon agus an chultúir ar Chathair Chorcaí a thuiscint. | Tá fianaise ag cur bonn eolais faoinár dtosaíochtaí agus faoinár gcinnteoireacht chun na healaíona agus an cultúr a chur chun cinn i gCathair Chorcaí. |
| 6 | Leas a bhaint as deiseanna a eascraíonn as nithe atá ag teacht le straitéis Éire Ildána Chathair Chorcaí. | Chuir infheistíocht lenár gcumas tionchar a imirt ar chleachtas na n-ealaíon i réimsí na hóige, an phobail, na sláinte agus na haeráide go háirithe. |
| 7 | Comhiarracht earnáil na n-ealaíon agus an chultúir agus na Comhairle Cathrach agus páirtithe leasmhara eile cathrach a chothú agus a chumasú chun an straitéis seo a bhaint amach. | Tá comhchuspóir agus comhiarracht ag spreagadh dul chun cinn sna healaíona agus sa chultúr sa chathair. |

# A dhearadh agus a sheachadadh

Braitheann an straitéis seo a bhaint amach ar chomhiarracht idir an Chomhairle Cathrach, earnáil na n-ealaíon agus an chultúir agus ár gcomhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta, faoi stiúir agus faoi chomhordú na hOifige Ealaíon.

Is gné thábhachtach den rathúlacht é tacaíocht leanúnach na Comhairle Ealaíon lena hinfheistíocht shuntasach d'earnáil ealaíon Chathair Chorcaí. Chuige sin, cinnteoimid go mbeidh ár dtosaíochtaí do na healaíona i gCathair Chorcaí ag teacht lena chéile trí Chomhaontú Comhpháirtíochta athbhreithnithe agus nuashonraithe idir Comhairle Cathrach Chorcaí agus an Chomhairle Ealaíon.

Cinnteoidh cur i bhfeidhm na straitéise seo cuntasacht. Cruthóimid pleananna oibre bliantúla ina mbeidh gníomhartha chun gach ceann de na cuspóirí sonraithe a chur chun cinn. Déanfar monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm ag cruinnithe inmheánacha gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tuairisceoimid do choistí ábhartha na Comhairle, ina measc an Coiste Ealaíon agus an Coiste Pleanála Speisialta Pobail, Cultúir agus Cothú Áite.

Foilseoimid tuarascáil bhliantúil ina dtabharfar cuntas ar an dul chun cinn maidir leis na torthaí a luaitear sa straitéis seo a bhaint amach. Tabharfaidh tuarascáil bhliantúil na hOifige Ealaíon cuntas chomh maith ar an tslí atáthar ag comhtháthú téamaí nasctha na hionadaíochta agus na hinbhuanaitheacht comhshaoil ar fud ár gcuid oibre.

Déanfar athbhreithniú lárthréimhse ar an straitéis agus déanfaimid meastóireacht a choimisiúnú a gcuirfear tús leis sa bhliain leathdhéanach den phlean straitéiseach.



A dhearadh agus a sheachadadh



Grianghraf: Clare Keogh



Grianghraf: Egle Laukyte



Grianghraf: Cathal Noonan

# Aguisín 1

## Próiseas forbartha na straitéise

Ba é ba bhonn le Straitéis Ealaíon agus Chultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí a chur le chéile ná clár téagartha taighde agus comhairliúcháin faoi cheannas na hOifige Ealaíon, le tacaíocht Mheitheal na Stratéise agus a tuairiscíodh do Choiste Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Bhí dhá chéim taighde agus comhairliúcháin i gceist. Ba é ab aidhm leis an gcéad chéim 'fionnachtana' ná gach téama ábhartha a aimsiú chun príomhghnéithe agus téamaí féideartha na straitéise a shonrú. Ba í an obair a rinneadh sa chéim sin:

**i Suirbhé pobail 'Abair Leat'.**

Bhailigh an suirbhé ar líne seo a rinneadh ar ardán comhairliúcháin na Comhairle tuairimí 247 freagróir, ar luaigh 42% díobh gur ealaíontóirí nó lucht gairme ealaíon iad. Bhí é aidhm an tsuirbhé dearcadh daoine i leith na n-ealaíon agus an chultúir i gCorcaigh a thuiscint; na nithe a thaitin leo faoi na healaíona agus faoin gcultúr sa chathair agus mhian leo a chothú; na nithe ba mhaith leo a fheabhsú faoi na healaíona agus faoin gcultúr; a bhfís agus a dtosaíochtaí do na healaíona agus don chultúr san am atá romhainn amach..

**ii Suirbhé ar ealaíontóirí a fhaigheann maoiniú nó tacaíocht ón Oifig Ealaíon 2016 – 2021.**

Rinne ansuirbhé ar líne seo a rinneadh le Survey Monkey iarracht éifeachtúlacht agus tioncharthacaíochtaí na hOifige Ealaíon d'ealaíontóirí a thuiscint, ina measc maoiniú ach gan a bheithteoranta dó sin amháin; eispéireas ealaíontóirí agus iad i dteagmháil leis an Oifig Ealaíon; natacaí ba thábhachtaí d'ealaíontóirí agus do chleachtas na n-ealaíon don am atá romhainn amach.Bhí 234 ealaíontóir i dteideal páirt a ghlacadh sa suirbhé agus d'fhreagair 96 (41%) acu é.





**iii Agallaimh dhoimhne leath-struchtúrtha le príomhpháirtithe leasmhara inmheánachaagus le faisnéiseoirí seachtracha saineolacha mar seo a leanas:**

**Agallaimh Inmheánacha | Comhairle Cathrach Chorcaí**

Michelle Carew, an tOifigeach Ealaíon
Áine Ní Dhochartaigh, An Príomhfheidhmeannach
Fearghal Reidy, Stiúrthóir na Forbartha Straitéisí agus Eacnamaíche
Adrienne Rodgers, Stiúrthóir Pobail, Cultúir agus Cothú Áite

**Agallaimh sheachtracha | Tacaíochtaí d'ealaíontóirí, comhpháirtíocht mhaoiniúcháin, rannpháirtíocht, ealaín phoiblí, ealaíona na n-óg, eispéireas cuairteoirí a fhiosrú.**

Kath Gorman, Bunaitheoir/Stiúrthóir Cruthaitheach, Promenade Strategic and Creative Producing Services
Ruth Griffin, Oifigeach Oideachais Aosaigh, ETB Chorcaí Seamus Heaney, Ceannasaí Visit Cork
Leanne MacDonagh, Amharcealaíontóir
Luke Murphy, Rinceoir agus Córagrafaí
Visit Cork, Cumadóir
Fionnuala O'Connell, Oibrí Ealaíon Óige, Ionad Inimirceach Chorcaí
Sinead O'Reilly, Ceanasaí Ealaíne Áitiúla, Áite agus Poiblí. An Chomhairle Ealaíon
Mags O'Sullivan, Comhordaitheoir, Music Generation Cork City
Gaynor Seville, Stiúrthóir Cruthaitheach, The Whitaker Museum and Galleries, an RA

**v Rannpháirtíocht le leanaí agus daoine óga agus grúpaí faoi thearc-ionadaíocht.**

Rinne comhpháirtithe saineolacha, ina measc Cork Creates, [SC1] Ionad InimirceachChorcaí, Stiúideonna Tacaithe Crawford, Compántas Amharclannaíochta Graffiti, MusicGeneration Cork City, School of the Divine Child, Ionad Lavanagh agus The Glucksman áisitheoireacht do 16 ghrúpa mar seo a leanas:

Grúpaí Amharclannaíochta Óige Activate (8-18 mbliana) | Compántas Amharclannaíochta Graffiti x 4Grúpaí Ealaíon Cork Creates (12 bhlain+) x 6
Grúpa Rince (14-18 mbliana) | Ionad Inimirceach Chorcaí x 1
Eagraíocht Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean Good Shepherd (5-13 bliana d'aois)The Glucksman x 1 | Seirbhísí Tacaíochta Foghlama (16 bliain+) | Music Generation Cork City x 1
Mahon Community Pop Academy | Music Generation Cork City x 1
Daltaí Bunscoile a bhfuil Riachtanais Chasta acu | School of the Divine Child, Ionad Lavanagh x 1Ealaíontóirí a bhfuil sainriachtanais sláinte nó shóisialta acu [SC2] | Stiúideonna Tacaithe Crawford x 1

**vi Ceardlanna le páirtithe leasmhara inmheánacha.**

Rinneadh áisitheoireacht do cheardlanna leis an bhfoireann Ealaíon agus Imeachtaí, leis angCoiste Ealaíon agus le Meitheal na Straitéise.

Ach ar tugadh an chéim thosaigh seo 'fionnachtana' taighde agus chomhairliúchán chun críche, cuireadh tuarascáil ar thorthaí le chéile agus sonraíodh príomhghnéithe agus téamaí. Roinneadh agus pléadh na torthaí, na príomhghnéithe agus na téamaí ag cruinniú le lucht sinsearach bainistíochta agus in dhá cheardlann le 75 ealaíontóir agus lucht gairme ealaíon. Reáchtáladh sraith cruinnithe 'grinnfhiosrúcháin' chomh maith le faisnéiseoirí saineolacha ó laistigh den Chomhairle, ó earnáil na n-ealaíon agus an chultúir agus ó réimsí ábhartha eile.

Ba é seo a leanas na cruinnithe grinnfhiosrúcháin agus a rannpháirtithithe::

## Ealaín do chách

**Denis Barrett**, Comhordaitheoir na Cathrach Foghlama, Comhairle Cathrach Chorcaí
**An Dr. Sheelagh Broderick**, Oifigeach Sinsearach um Chothú Sláinte (Iarthar Chorcaí), Ceannasaí Ealaíon agus Cultúir Éire Shláintiúil, FSS
**Niall Cleary**, Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Ealaíne, Compántas Acmharclannaíochta Graffiti
**Louise Foott**, Ceann Roinne, Ealaíona sa tSláinte agus san Oideachas, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
**An Dr Naomi Masheti,** Comhordaitheoir Cláir, Ionad Inimirceach Chorcaí
**Tracey Holt**, Comhordaitheoir, Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga, Corcaigh
**Eleanor Moore**, Príomh-Oibrí Pobail. Cúram Sláinte Pobail Chorcaí Chiarraí
**Eoin Nash**, Bainisteoir, Teiripí Ealaíon agus Ealaíon Cruthaitheach, Fondúireacht Cope
**Kieran O'Connell**, Speisialtóir um Chuimsiú Sóisialta, Comhairle Cathrach Chorcaí

## Ealaín san fhearann poiblí

**Mark Birch**, Bainisteoir Tionscadail NWQPR, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Valerie Byrne**, Stiúrthóir, National Sculpture Factory
**Liam Casey**, Feidhmeannach Sinsearach Páirceanna, Maor, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Kelly Cotel**, Pleanálaí Iarchéime, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Lorcan Griffin**, Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach agus Dearthóir Uirbeach, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Mary Hickson**, Léiritheoir Cruthaitheach
**Margaret Kelly**, Feidhmeannach Gnóthaí Poiblí agus Inbhuanaitheachta, Cumann Tráchtála Chorcaí
**Roseanne Kidney,** Stiúrthóir, Goldiefish Events
**Lorraine Maye,** Stiúrthóir, Cork Midsummer Festival

## Cathair d'ealaíontóirí

**Ciara Glasheen-Artem**, Ceann Cheol-Scoil Chorcaí MTU
**Marie Kelly**, Stiúrthóir Cláir an MA Arts Management & Creative Producing, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
**Colette Lewis**, Amharcealaíontóir
**Pat Kiernan**, Stiúrthóir, Corcadorca
**Rose McGrath**, Ceannaire Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford MTU
**Sophie Motley**, Stiúrthóir Ealaíne, Everyman Palace
**Siobhán Ní Dhuinnín**, Ealaíontóir Rince agus Cork Arts Freelancers
**Niall O'Keeffe**, Ceannasaí Fiontair, Comhairle Cathrach Chorcaí
**An Dr. Eve Olney**, Ealaíontóir agus Comhbhunaitheoir, Radical Institute and Living Commons

## Spás don ealaín

**Fiona Clark**, Stiúrthóir agus Príomhfheidhmeannach na Féile, Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí
**Séamus Coghlan**, Ceannasaí na Forbartha Eacnamaíche, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Stephen Fox**, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin Eastát, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Eibhlin Gleeson**, Príomhfheidhmeannach, Cork Opera House
**Aoibhi McCarthy**, Stiúrthóir Ealaíne, Sample-Studios
**Mary McCarthy**, Stiúrthóir, Áiléar Crawford.
**Brigh Ryan**, Pleanálaí Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Chorcaí
**Jeremy Ward**, Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Cathrach Chorca





Tar éis an dá chéim thaighde agus chomhairliúcháin seo, cuireadh dréacht-Straitéis Ealaíon agus Chultúir le chéile. Roinneadh í sin ansin le haghaidh athbhreithniú agus aiseolais ar ardán comhairliúcháin phoiblí Chomhairle Cathrach Chorcaí ar feadh tréimhse ón 14 Aibreán go dtí an 5 Bealtaine 2022.

Fuarthas 10 n-aighneacht ina raibh tuairimí agus tráchtaireacht ó na páirtithe seo a leanas:

**Cumann Tráchtála Chorcaí**
**Mol Meán Pobail Chorcaí**
**Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí**
**Art Room Bhaile an Chollaigh**
**Dance Cork Firkin Crane**
**Eimear Reidy**
**Eoin Nash**
**Sample-Studios**
**School of the Divine Child, Ionad Lavanagh**
**The Kabin Studio**

## Coiste Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí

**An Clr Lorna Bogue**
**An Clr Damian Boylan**
**An Clr Dan Boyle**
**An Clr Kenneth Collins**
**An Clr Mary Rose Desmond**
**An Clr Paudie Dineen**
**An Clr Deirdre Forde (Cathaoirleach)**
**An Clr Joe Kavanagh**
**An Clr Kieran McCarthy**
**An Clr Shane O'Callaghan**
**An Clr Kenneth O'Flynn**

## Meitheal na Straitéise Ealaíon agus Cultúir

| | |
|---|---|
| **Adrienne Rodgers** | Stiúrthóir Seirbhíse, Cultúr Pobail agus Cothú Áite |
| **Brian McGee** | Cartlannaí Sinsearach |
| **Chris Dorgan** | Oifigeach Sinsearach Foirne, An tOifigeach Gaeilge |
| **Ciara Brett** | Seandálaí Feidhmiúcháin |
| **Daniel Breen** | Coimeádaí, Músaem Poiblí Chorcaí |
| **David O'Brien** | Leabharlannaí Chathair Chorcaí |
| **Cllr. Deirdre Forde** | Ball Tofa Chomhairle Cathrach Chorcaí |
| **Deirdre Hallihan** | Ríomhchláraitheoir Anailísí, TFC |
| **Denis Barrett** | Comhordaitheoir Chathair Foghlama Chorcaí |
| **Elmarie McCarthy** | An tOifigeach Turasóireachta |
| **Liam Casey** | Oifigeach Sinsearach Páirceanna agus Tírdhreacha |
| **Mary Walsh** | Eolaí Feidhmiúcháin, Oifigeach Feasachta Comhshaoil |
| **Micheál Lyons** | Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Aonad um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **Michelle Carew** | An tOifigeach Ealaíon |
| **Niall O'Keefe** | Ceannasaí Fiontraíochta |
| **Siobhán Clancy** | Oifigeach Cúnta Ealaíon – Ealaíona Pobail |
| **Trish Murphy** | Bainisteoir Imeachtaí |
| **Tony Duggan** | Ailtire Chathair Chorcaí |
| **Niall O'Keefe** | Ceannasaí Fiontraíochta |
| **Niamh Twomey** | An tOifigeach Oidhreachta |
| **Patricia Looney** | Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach, an tSeirbhís Leabharlainne |
| **Paul Moynihan** | Stiúrthóir Seirbhíse, Caidreamh Idirnáisiúnta agus Gnóthaí Corparáideacha |
| **Sandra O'Meara** | Comhordaitheoir CEDO & RAPID |
| **Stephen Fox** | Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin Eastá |


# Buíochas

Ba mhaith leis an Oifig Ealaíon buíochas a ghabháil le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon agus cultúir Chathair Chorcaí as a rannpháirtíocht dhílis sa phróiseas comhairliúcháin straitéise.

Gabhaimid buíochas leis an iliomad ball den phobal a chaith am leis an bpróiseas agus leis na freagróirí go léir a chaith am le hagallaimh, le ceardlanna chomh maith leo siúd a rinne aighneachtaí i scríbhinn i ndáil leis an dréachtstraitéis. Gabhtar buíochas faoi leith lenár gcomhpháirtithe saineolacha a chabhraigh linn dul i dteagmháil níos fairsinge a dhéanamh chun a chinntiú go raibh leanaí, daoine óga agus grúpaí faoi thearc-ionadaíocht san áireamh sa chomhairliúchán.

Buíochas le Coiste Ealaíon na mball tofa le Comhairle Cathrach Chorcaí as a maoirseacht agus a rannpháirtíocht. Gabhtar buíochas chomh maith le comhghleacaithe na Comhairle Cathrach a chuir a gcuid ama agus a gcuid saineolais ar fáil do Mheitheal na Straitéise chomh maith leis an bhfoireann Ealaíon & Imeachtaí.

Gabhtar buíochas, i ndeireadh thiar, le seirbhísí na gcomhairleach, Annette Nugent agus Janice McAdam a thug tacaíocht shaineolach go dúthrachtach agus do diongbháilte do thaighde, do chomhairliúchán agus do dhréachtú na straitéise.




**Oifig Ealaíne**
An Stiúrthóireacht Um Chultúr, Pobail agus Comhfhorbairt Áite
Comhairle Cathrach Chorcaí
Halla na Cathrach
Sráid Anglesea
Corcaigh
T12 T997

021 492 4000

@corkcityarts
www.corkcity.ie


Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council
**Arts** Ealaíona

*Íomhá: Cork Ignite, saothar ealaíne beo le Simon McKeon; Grianghraf: Clare Keogh*